Nuaíoċt as na Dúnaiḃ

D'éag Caṫal de Baois, as an tSeanbaile, An Tulaċ, i ndeireaḋ na seaċtaine agus gan é aċ dá ḃliain ṫar na trí fiċid. Ḃí an torram go reilig Ċarraig Áirt maidin Dé Luain, an 19ú inst. Comḃrón na paróiste á ṫaḃairt don ḃaintreaċ, Máire, agus dá clainn: Máire, Nóra agus Brigid (níonaċa) agus Míċeál (mac) agus dá ḋeartáir, Seán, sa ḃaile anseo agus dá deirfiúr, Caitlín, ṫall i Meiriceá. Ḃí Caṫal ar ḟear de na feirmeoirí ab' ḟearr agus ba saoṫraí dár tógaḋ sa páirt seo den tír le fada an lá.

Tá Fearḋorċa Ó Doċartaiġ sa ḃaile i nDuiḃlinn Mór ar mí na meala as Londain agus é féin agus a ḃrídeog ag déanaṁ turais gluaisteáin ṫart ar Éirinn. Ise duine den tseisear deirfiúraċ de Ċlann Uí Caḃla a dtugtaí an "Manorcunningham Group" orṫu.

Tá gaċ aon teaċ óstais agus óstán insan ċeantar seo lán go doras, agus níl suíoṁ do ċarḃan fágṫa folaṁ. Mar i gcéanna é leis na tiṫe tuaiṫe—iad polcaiṫe le micléinn atá ag freastáil ar an Ċoláiste Ġaeilge nó le deoraiṫe as Meiriceá nó anall ag caiṫeaṁ coicíse an "Aonaċ Glascú" le n-a muintir.

Beiḋ beirt údar as na taoḃtíre seo ag cur ṫarstú i gCaisleán Ġleann Ḃeaṫa tráṫnóna Dé Domnaiġ s' ċugainn, an 25ú inst. —Leaslaoi Lucas, stairí, agus Doiminic Ó Ceallaiġ, File — fá ḃéaloideas an ċeantair. "Field Day" a ḃéas ann ag Cumann Seanċais Ṫír Ċonaill (250 ball) agus iad ar ċuairtaíoċta ċuig tiarna an caisleáin, an tUasal Enrí P. Mac Giolla Ionaid (as Meiriceá).

Tá séasúir breá déanta go nuige seo ag iascairí na mbradán ṫart fá Ros Goill.

D'éag Pádraig de Baoise, as an Ġláib, ar an tseaċtain s' ċuaiġ ṫart agus cuireaḋ an corp i sean-reilig an Ṁíobaí — é i gceann na 84 mblian. Comḃrón na paróiste dá ċlainn; Donċa (i Sasana), Áine Bean Ṁic Giolla Ḃríde (sa ḃaile) agus Róise, bean Uí Ċoileáin (i Ratmealtáin) agus, mar i gcéanna, dá ḋeirfiúr, Róise Bean Uí hEireaċtaiġ, ins na Dúnaiḃ. Oibrí ar dóiġ a ḃí ann agus a ḃrúṫú sin an teaċ breá de ċloċa ilḋaṫaċa na háite, atá tógṫa aige. Le linn an dá ċogaḋ domanda, ḃí a ḃró féin i gceann oibre aige agus é in inṁe a ċuid min-ċoirce féin a ṁeilt in aimsir an ġanntanas.

Fuair sean-ḟear fearḃfáilteaċ eile bás fosta i ndeireaḋ na seaċtaine—Séarlaí Laiġneaċ as an Ċnoc Ḃán in aice le Carraig Áirt agus é in aois paitriarcaċ na 94 blian. Ġnítear comḃrón, fosta, le n-a ṁuintirsean: a ṁac, Séamas (i nGlascó) agus a ḃeirt níonaċ — Nóra (sa ḃaile) agus Mairéad, Bean Ṁic Ġiolla Ḃríde, ar an Ṁuirleog, ins na Dúnaiḃ.

Comġáirdeaċas do Ṁicí-Simí Ṁac Giolla Ḃríde, as na Rosapenna Cottages, agus é fá ċúpla mí do aois an tsean-ṗinsin, a d'iomair sean-ḃád Ṡeáin Uí Ḃuaċáin, ó'n Ġlionsca trasna na Maoile Rua go Log na h-Uillinne (an boatyard) in aice leis an Ṁíobaí) i 25 ḃomaite — é i gceann an dá ráṁa, leis féin. Ṫug sé curaċ Den Óig anall árúanuraiḋ, ar a ċonlán féin, i 20 ḃomaite. Ba é Searlaí Ṁac Ġiolla Cearra, captaen báid iascaireaċta bradán, a ḃí mar ṁaor-ama ar an ċéad éaċt seo Dé hAoine seo a ċuaiġ ṫart. Tugann Micí Simí anois dúṡlán buaċalla ar biṫ faoin daiċead a ḋul i gcoiṁlint leis ar an ċúrsa farraige ċéanna seo lá ar biṫ a oirfeas dó. Dearṫáir do Nonaí Ṁac Ġiolla Ḃríde, as an Ċorraċ, is eo Micí—agus dearṫáir eile dó is ea Muiris, iar-Ġárda.

Ḃaile an Ċláir

Ḃfuil tusa 'taisteal, nó cé ċas
tú an taoḃ seo?
No ḃfuil díḋean na h-oíċe a'd
le fáil in aon áit?
Aċ iontuiġ 'nois ṫart agus siúl
cúpla míle,
Ġeoḃaiḋ tú teaċ agus díḋean istiġ i mBaile an Ċláir.

Ṡiúil mise ceantar an Áċaiḋ
Réiḋ ṫart timpeall,
Anoir ó Áṫ tSíomóin is timpeall
Ċnoc Meaḋa,
I mBleá'n Rí na spailpín mar
ċaiṫ mé mo ṡaol ann,
Aċ níor ṡásaiġ ariaṁ m'intinn
aċ fíor Ḃaile an Ċláir.

Tá teanga ár sinsear á laḃairt
ann go croíúil,
Go beo is go bríoṁar, ní ḃfuair
sí riaṁ bás;
Ní ḃeiḋ tart ort ná ocras dá
gcaiṫeá do ṡaol ann,
Aċ ceol agus siamsa, beiḋ siad
a'd le fáil.

Tá barr ann is cruiṫneaċt gan
leasú ná aoileaċ,
An seagal i gcraoiḃ ann 's an
coirce mín bán,
Fataí 's gaċ toraḋ ann a
mb'féidir cur síos air,
Tá an eorna le taoscaḋ istiġ i
mBaile an Ċláir.

Tá na taltaí is glaise ann 'sna
páirceanna is míne,
'Sé fíor scoṫ na tíre é ó'n
tSion-ainn anall,
Luċt imirt peile ann gaċ Domnaċ 's lá saoire,
Tá buaċaillí croíúla istiġ i
mBaile an Ċláir.

Tá na h-éanlaiṫ a' ceileaḃair an
barra na ngéag ann,
An ċuaċ 's í go h-aoiḃinn ar
ḃallaí an ċaisleáin,
Tá an ḟuiseóg a' cantain taréis
na Féile Bríde,
Is an eala go h-aoiḃinn ar an
loċ 's í a' snáṁ.

Tá buaite ag luċt gaisce, tá
lúṫċleas is léim ann,
Tá scoláirí léinn ann ċom ṁaiṫ
is tá le fáil,
'S an sean-ḟear boċt craiplí, tá
bliain le cois céad ann,
Is an sean-ḃean í féin ann ċom
péacaċ le các.

Tá obair ann fairsing, is na
monarcain déanta,
Ċuir an tUaċtarán Éamonn an
scéim sin ar fáil;
Tá na cailíní ag obair is na
buaċaillí in éinfeaċt.
Is naċ fearr iad i nÉireann ná i
ndeoraíoċt mar atá?

Tá filí is seanċaiṫe is tá luċt
inste scéal ann,
A' cur síos duit ar na laoċra
ṁair i nÉirinn san am,
Aċ molaim-se an tréan - ḟear,
'sé Míċeál Ó Síoda,
An sean-Ġaeilgeoir dílis 'tá istiġ i mBaile an Ċláir.

Máirtín Ó Curraiḋín.

Ġleannḃarr

Ṫug an tEaspag Sár-Oirmhinneaċ Mac Fiṫċeallaiġ a ċéad ċuairt ar ṗaróiste Cill Uí Ġarḃain ar an 15ú lá de Iúl, nuair a ċuir sé tuairim as 250 páistí faoi na láiṁ i dTeaċ Pobail Raṫ Ṁaoláin. Ag labairt leis na páiste indiaiḋ an tSacraimint a ṫaḃairt dóiḃ ṁóniġ sé dóiḃ taḃaċt na Sacraiminte a ḃí siad indiaiḋ a ḟáil. D'agraiġ sé orṫú a ḃeiṫ dílis don Ċreideaṁ riṫ a saoil is cuma caidé 'n tír a raċaḋ siad go dtí. Ag caint leis an ṗobal rinne sé tagairt do'n ḟiaċ ṫrom a ḃí ar ṫeaċ pobail nua Baile na nGalloglaċ agus d'iarr sé ar muintir an paróiste a ndíċeall a ḋéanaṁ leis an ḟiaċ sin a díol.

Indiaiḋ na bpáistí a ċuir faoi n-a láiṁ i dTeaċ Pobail Raṫ Ṁaoláin, ag labairt leis an ċruinniú mór a ḃí i láṫair rinne an Dr. Sár-Oirṁinneaċ Mac Fiṫċeallaiġ, Easpag Raṫboṫ tagairt do ailneaċt an ḃaile agus an ċeantár ṫart timpeall agus an tarraingt mór a ḃí ag an áit do turasóirí. D'eagraiġ sé ar an ṗobal eiseamláir ṁaiṫ a ṫaḃairt do na strainséirí a ṫiocfaḋ 'na measc. "Ba mór an cuṁaċt" arsa 'n tEaspag, "an dea-ṡompla le daoine a ṫreorú ar ḃealaċ a elasa aċ ba ṁillteanaċ an cuṁaċt a ḃí ag an droċ ṡompla le daoine a ṫarraingt ar ḃealaċ a n-aiṁleasa."

Tá fíor-scoiṫ na h-aimsire ann, aimsir ċiúin, te agus tirim. Tá na barraí ag aṁarc go breá. Tá 'n féar saḃailte agus cuid mór den ṁóin saḃailte ag muintir na h-áite seo fosta. Glór do Ḋia ar son an tSaṁraiḋ breá atá againn.

Tá Coláiste Loċ Súilí ar obair anois ó'n 6ú Iúl. Seo iad na múinteoirí atá i mbun na scoláirí— Leon S. Ó Broin, B.A., B.Com., Rúnaí; Pádraig Mac Aoḋa, O.S., Peadar Ó Gallċoḃair, B.A.. O.S., Máire 'Níon Ní Ḋuiḃne, O.S., Iaḃa Níon Nic Eiteagáin, O.S., Enrí Mac Giolla Coṁġaill, B.A., M. Níon Ní Ċonṁaiġe, M.A. Tá'n tAṫair O. Mac Raġallaiġ, sagart óg a ḃfuil scoiṫ na Gaeilge aige, mar ṡéiplíneaċ ar an ċoláiste. Tá 127 scoláirí ar an rolla agus aċan rud ag dul ar aġaiḋ mar d'iarrfaḋ do ḃéal a ḃeiṫ. Bíonn an tAifreann i nGaeilg ag 9.30. Indiaiḋ sin tosaíonn na ranga ar an deiċ. Leantar ag teagasc go dtí 12.40. Bíonn lón agus sos ag na scolairí go dtí 2.30. Ó sin go dtí 4.30 bíonn cluiċí faoi 'n aer no siúlóidí. Bíonn sos agus tae ag na scoláirí idir sin agus 7.30. Bíonn céilí gaċ oíċe indiaiḋ 7.30. Amuiġ nó istiġ, ins an ċoláiste nó ar na bealtaí móra agus ins na tiġṫe lóistín Gaeilg ar fad a laḃrann na scoláirí.

Turas: Ṫáiniġ na busanna ar 2.30 go gairid indiaiḋ am dinnéara. Ḃí scoláirí Coláiste Loċ Súilí, aċan duine den 127 díoḃ le na gcuid múinteoirí, ar a dturas go dtí Carraig Áirt, na Dúnaiḃ agus Doire an Ċasáin. I dtaca le aimsir de ba ḋóiliġ sárú an tráṫnóna sin a ḟáil, ciúin, socar, te agus tirim. Nuair a ṫáiniġ luċt an turais fad le mullaċ Seangaoṫ ḃí an Mol Ruaiḋ le feiceáil acu na luiġe síos rompa. Siar uaṫa ḃí beanna árda Ṁucais agus an Eirreagail ag éirí go h-árd sa spéir agus siar siar arais ḃí an Ḟarraige Ṁór ag síneaḋ amaċ go bun na spéire. Ó'n Ċeaṫrain Ċaoil go dtí gur ṡraoiċ siad Carraig Áirt ḃí an bealaċ mór ag riṫ le taoiḃ na Maoile Ruaiḋe agus loinnir na gréine ag glioscarnaċ in uisce an loċa. Ḃí lón acu ag na Dúnaiḃ. Ansin ċuaiġ siad a ṡnáṁ agus indiaiḋ sin ċuaiġ siad fad leis an ċoláiste i nDoire an Ċasáin an múinteoirí an ċoláiste sin ag áit a raiḃ an seiplíneaċ agus fanaċt orṫu. Cuireaḋ fearraḋ fáilte rompu agus ċaiṫ siad tráṫnóna breá pléisiúrṫa idir rinnce agus ceol go dtí go raiḃ sé in am acu pilleaḋ na ḃaile arais. Ḃí siad sa ḃaile arais ag an deiċ. Tuirseaċ go leor a ḃí siad aċ ḃí siad breá sásta leis an lá pléisiúrṫa a cuir siad isteaċ.

Treoraiṫe na Gaeltaċta i bpríosún

Léirsíṫe agus Paráidí Taoḃ Amuiġ de Mountoy

Uair aṁáin eile, tá treoraiṫe na Gaeltaċta i bpríosún, as ceart agus cóir a iarraiḋ dá gceantar Gaeltaċta féin, ag an am ċéanna a ḃfuil luċt poiblí agus béarlóirí a' rá go ḃfuiltear ag déanaṁ tacaíoċt ar an Ġaeltaċt.

Deireaḋ na seaċtaine seo caite, cuireaḋ cúigear as Muiġeo Ṫuaiḋ i bpriosún i Montseoí áit a mbeiḋ siad go ceann ceiṫre lá déag, toisc naċ n-íocfaḋ siad cáin ar a gcuid gluaisteáin nuair naċ ḃfuil bóiṫre ar biṫ acu leis na gluaisteáin sin a ṫiomáint orṫa.

Is séal uafáis é, nuair a bíos treoraiṫe pobail mar seo, i bpríosún as seasaṁ ar son a gceantair féin. Agus is maiṫe, agus uaisle agus treoraiṫe a bpobal féin iad seo:—

Óstaí mar Pádraic Ó Garbín; Múinteoir Scoile — Annraoi Ó Cirrduiḃ; Iascairí — Pádraic Ó Domnaill, Pádraic Mac Aindriú agus Tomás Ó Beirn.

Trí mí ó ṡoin, d'eagraiġ siad gluaiseaċt i gcoinniḃ íoc-cánaċ, go ndéanfaí deisiú ceart ar na bóiṫre insan ċeaṫnar, agus ḃí siad ag ceann paráid de 90 gluaisteán a ċuaiġ ar agóid go Caisleán a' Ḃarraiġ. Beireaḋ orṫa an t-am sin, agus ligeaḋ amaċ arís iad le gairm teaċt os comair cúirte. Ag an ċúirt d'iarr siad go n-éistfí a gcás i nGaeilge, aċ ḃí Béarla ar siúl insan Ċúirt.

Dúirt na treoraiṫe seo go h-oscailte gur íoc siad cáin i gcónaí; go raiḃ siad sásta a íoc anois, dá mbeaḋ bóiṫre acu, aċ ṫug siad fianaise cinnte, nár bréagnaíoḋ, naċ raiḃ na bóiṫre insan ċeantar s'acu féin, feiliúnaċ le caranna a ṫiomáint orṫa, go raiḃ siad ag déanaṁ doċar don ċeantar, agus go raiḃ siad ag iompóḋ ar ṡiúl tráċt agus olṁaiṫeas a d'ḟéadfaḋ a ṫeaċt isteaċ go dtí an ċeantar.

Ṫug Pádraig Ó Garbín, fianaise gur ṫóg sé teaċ ósta, aċ go ḃfaca sé daoine a raiḃ áiteaċa in áiriṫe san teaċ ósta acu, ag iompó ar ṡiúl, agus ag imeaċt in áiteaċa eile, nuair a ċonaic siad ċom h-olc agus a ḃí an bealaċ.

Ṫug na h-iascairí fianaise go raiḃ sé i gceist acu Coṁar-Ċumann Iascairí a ḃunú, aċ naċ ḃféadfaidís lorraiṫe a ṫaḃairt isteaċ go dtí na portanna, toisc ċom h-olc agus a ḃí na bóiṫre.

Glaoḋ mar ḟianaisí ar Bainisteoir Ċondae Ṁuiġeo agus an t-Innealtóir Condae, aċ níor ṫáiniġ siad, agus faoi crosċeistniú, d'adṁaiġ an innealtóir a ḃí sa Ċúirt, go raiḃ na bóiṫre go h-olc, agus go h-an olc ar fad.

Beireaḋ ar ċeaṫrar de na daoine ar cuireaḋ cánaċa orṫa, deireaḋ na seaċtaine, agus tugaḋ go Príosúin Montseoí iad, le 14 lá príosúin a ċur isteaċ.

Ḃí Annraoi Ó Corrduiḃ, múinteoir scoile, agus deartrár céile do Niall Ó Bléine, T.D., Aire Rialtas Áitiúil, i mBaile Áṫa Cliaṫ nuair a ċuala sé faoi, agus ċuir sé a ċuid riaċtanaisí pearsanta isteaċ i mála beag agus ṫiomáin caol díreaċ go Montseoí é féin. B'éigin dó fanaċt ceiṫre h-uaire taoḃ amuiġ den ṗríosún sul ar tógaḋ isteaċ é.

Tá an tUasal Ó Corrduiḃ 'na ċisteoir náisiúnta ar Muintir na Gaeltaċta, agus tá deirfiúr léi pósta ar Niall Ó Bléine, T.D.

Dúirt an tUasal Ó Corrduiḃ naċ mbeaḋ sé le rá aige go raiḃ seiseann taoḃ amuiġ nuair a ḃí na daoine a lean é, ag cur isteaċ téarma príosúntaċta taoḃ istiġ.

Agus é a' fanaċt taoḃ amuiġ —ar seisean — "Creidim go dtiocfaiḋ liom dul isteaċ mé féin, aċ, is cuma liom má ċaillim an suipéar cocó atá sa ṗríosún." "Caiṫfiḋ mé a ḃeiṫ leis na buaċaillí."

Ċruinniġ scaifte de Ġaeilgeoirí Ḃaile Áṫa Cliaṫ agus tugaḋ bualaḋ bos dóiḃ, nuair a ḃí siad ag dul isteaċ ṫar geata an ṗríosúin Ḃí picéid taoḃ amuiġ den ṗríosún agus fógraí ar iompar acu— "Muintir na Gaeltaċta i bPríosún Arís." Is iomaḋ duine a ḃí ag smaoineaṁ taoḃ amuiġ de Montseoí le linn an ṗaraid seo, gur ḃeaḋ duine de na daoine a bíos ag caint fá compulsory Irish, a ċuaiġ i bpríosún mar ġeall ar agóid ina éadan, aċ, gur seo an triú uair ag pobal na Gaeltaċta i bpríosún mar ġeall ar ceart a ḟáil don Ġaeltaċt.

Gaeltaċt ḃeag aṁáin atá i gceist anseo — aGeltaċt Rosduṁaċ, Ceaṫrú Ṫaiḋg agus ceantar ṫart timpeall, aċ, ní scéal Gaeltaċt aṁáin atá ann, aċ scéal na nGaeltaċta beaga scaipṫe gaċ áit ar fud na tíre, agus tá Annraoi Ó Corrduiḃ ⁊ Ó Cearnaiġ agus na hiascairí eile, ag seasaṁ ceart don Ġaeltaċt, agus ag troid ceart na Gaeltaċta san am i láṫair. Beiḋ dea-ġuí Ġaeilgeoirí leo insan troid atá siad ag cur suas.

Roinnt blianta ó ṡin, rinne Annraoi Ó Corrduiḃ, an agóid ċéanna ar a ċonlán féin, agus fuarṫas faoiseaṁ réasúnta dá ḃárr, agus cuireaḋ feaḃas ar na bóiṫre i Muiġeo dá ḃárr, ⁊ tugaḋ roinnt rudaí eile do Ġaeltaċt Rosduṁaċ. Aċ, taréis na h-agóide sin, ṡocraiġ an scéal síos arís, agus ní dearnaḋ a ḋaṫ eile ó ṡin.

Cuireann Roinn na Gaeltaċta agus na ranna eile i mBaile Áṫa Cliaṫ, an milleán ar Coṁairle Condae Ṁuiġeo, aċ, deir Coṁairle Condae Ṁuiġeo naċ ḃfuil go leor airgid acu ón Rialtas leis na bóiṫre a ḋeisiú i gceart. Idir údarás aṁáin agus údarás eile, táṫar ag déanaṁ faillí insan Ġaeltaċt, agus is éigin gníoṁ mór mar seo a ḋéanaṁ leis an ḟaillí sin a ṫaḃairt os coṁair pobal na fóḃla.